Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Aibreán 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0031(NLE)**

**6876/1/20**
**REV 1**

**TRANS 122**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6347/20 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 56ú seisiún den Choiste Saineolaithe um Iompar Earraí Contúirteacha de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród i ndáil le leasuithe áirithe ar Aguisín C a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'iarnród<br>– Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le haghaidh an ghlactha |

## I. RÉAMHRÁ

1. Chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an 26 Feabhra 2020 an togra thuasluaite le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais Eorpaigh ag an 56ú seisiún den Choiste Saineolaithe um Iompar Earraí Contúirteacha de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF).

2. Ar dtús, bhí sé i gceist ag na saineolaithe teacht le chéile i mBeirn na hEilvéise, an 27 Bealtaine 2020. Cuirfidh OTIF vóta i scríbhinn in ionad an chruinnithe, áfach, chun go bhféadfaidh na leasuithe teacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021, chun comhleanúnachas dlíthiúil a choinneáil maidir le hiompar earraí contúirteacha in iompar d'iarnród.

3. D'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún um Iompar Idirnásiúnta d'Iarnród (COTIF) in 2011 de bhua Chinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011.

## II. OBAIR AN CHOMHLACHTA ULLMHÚCHÁIN

4. Ag an gcruinniú a bhí aici an 27 Feabhra 2020, scrúdaigh an Mheitheal um Iompar de Thalamh an togra a thíolaic an Coimisiún agus d'fhormhuinigh sí é.

## III. CONCLÚIDÍ

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

– a dhaingniú go n-aontaíonn sé le téacs an dréacht-Chinnidh mar a leagtar amach in 6438/20 é, arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe, agus an tábla gaolmhar leasuithe atá in 7049/20, agus

– cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/430 ón gComhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn leis an ngníomh a ghlacadh.

6. A luaithe a ghlacfar é, cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin gCinneadh ón gComhairle.